

Fáilte

Fáilte chuig an dara heagrán de Nuachtlitir Mhatamaitice SSM. Sa bhliain acadúil 2018 / 2019, tugadh isteach Sonraíocht na Matamaitice don tSraith Shóisearach in bhur seomraí ranga agus leanadh leis an FGL do mhúinteoirí trí bhíthin lá FGL 2018 / 2019 á leathadh amach ar fud na tíre. I measc bhuaicphointí na bliana, áirítear an siompóisiam tionscnaimh, dhá sheimineár ghréasáin agus rannpháirtíocht i dtionscnamh ETI(E)M le SSM. Bhíomar cruógach ag obair lenár gcomhghleacaithe chun a fháil amach conas atá an tsonraíocht á cur i bhfeidhm agus chun cinneadh a dhéanamh conas a chuirfead tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí sa scoilbhliain 2019-2020, agus amach anseo.

Siompóisiam Matamaitice SSM

Bhí Siompóisiam Tionscnaimh Matamaitice SSM againn ar an 23 Márta 2019. D'fhreastail corradh is céad múinteoirí ar an imeacht in Microsoft DreamSpace i mBaile na Lobhar. Bhí sé d'adh orainn gur thug an Dr. Sinéad Breen an spreagaitheasc ar úsáid agus ar fhorbairt tascanna saibhre matamaitice sa seomra ranga. Thug an Dr. Breen léargas luachmhar ar na creatlacha agus ar na tacsanomaíochtaí atá ar fáil do mhúinteoirí chun leibhéil an éilimh chognaíoch a mheas sna tascanna saibhre seo, a chleachtaimid ó lá go lá. Is féidir teacht ar na sleamhnáin ó spreagaitheasc an Dr Breen [anseo](#).



Bhí rogha de cheardlanna idirghníomhacha ar fáil lena n-áirítear ceardlann ar theicneolaíochtaí digiteacha inar iniúchadh úsáid agus feidhmiúlacht *OneNote* mar uirlis chun aiseolas éifeachtach foirmitheach a thabhairt tríd an taifeadadh gutha. Lena chois sin, fiosraíodh sa cheardlann conas is féidir linn foghlaimoírí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu a dhéanamh rannpháirteach tríd an bhfeidhm léamh os ard a úsáid. Sa cheardlann ar Leibhéil Éileamh Cognaíoch, rinne na múinteoirí iniúchadh ar thascanna éagsúla céimseata agus d'fhiosraigh siad bealaí chun an t-éileamh cognaíoch iontu a ardú. Fiosraíodh úsáid rangú cruthanna céimseata mar gheata ar thopaic na dTacar agus mar chlabhsúr ar an gceardlann pléadh conas dúshlán scoláirí cumasacha sna ranganna a thabhairt. Ba mhór againn Stephen Gammell (Ceannaire Foirne Matamaitice na hIar-bhunscolaíochta leis an SFGM) a bheith linn chun ceardlann a éascú ar Ailgéabar Trí Lionsa na bhFeidhmeanna.



Cuireadh críoch leis an Siompóisiam trí dhíospóireacht painéil idir triúr de na Comhaltaí agus Ceannaire Foirne Matamaitice SSM, Shane Flanagan.

Is díospóireacht bhríomhar agus thairbheach a bhí ann faoi leasú Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí agus an cruth a bhíonn air sin sa seomra ranga. Is féidir teacht ar na leabhráin acmhainní agus ar na cuir i láthair a úsáideadh an lá sin [anseo](#).



Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don tacaíocht, tiomantas agus cabhair a thug ár gComhaltaí (Caroline Doherty, Sarah Barnicoat, Emer Brady, Lynn Anderson, Orlagh Ní Fhaoláin, Dominic Phillips, Clíodhna Devitt [Nuachtlitir Mhatamaitice SSM], Keith Howley, Glenn Webster agus Neil Butler) agus an siompóisiam á eagrú acu, an FGL a sheachadadh agus as a gcuid rannpháirtíochta i rith na bliana ar fad.

Seimineár Gréasáin


Ba é “Pleanáil le Sonraíocht na Matamaitice” ar an 12 Nollaig 2018 an chéad seimineár gréasáin a bhí againn don bhliain acadúil. Sa seimineár seo fiafraíodh conas ab fhéidir linn cur chuige coincheapúil a úsáid i leith na pleanála ag baint úsáid as an tSonraíocht agus, mar thoradh air sin, cabhrú le scoláirí naisc a fheiceáil laistigh de shnáitheanna agus eatarthu. Fiosraíodh an próiseas chun torthaí foghlama a nascadh trí choincheap a úsáid agus conas aonaid foghlama a fhorbairt. Léiríodh a thábhachtaí atá sé don phróiseas seo go mbeadh comhoibriú ann idir múinteoirí laistigh de na ranna.

Ba é “Ag Cabhrú le Foghlaim níos Doimhne i Seomra Ranga na Matamaitice” an dara seimineár gréasáin a bhí againn ar an 2 Aibreán 2019. D’fháiltigh muid roimh na múinteoirí Peter Fitton agus Audrey Byrne, agus roimh an taighdeoir Aidan Fitzsimons. Cuireadh tús leis an seimineár gréasáin le plé faoin mbrí a bhaineann leis an téarma ‘Foghlaim Dhomhain’. Roinn na múinteoirí a bhí i láthair a gcuid cleachtais agus modheolaíochtaí trí Mentimeter. Spreag sé sin díospóireacht i measc an phainéil inar roinn siad a gcuid léargas agus na heispéiris a bhí acu ón bhfoghlaim dhomhain a rinne a gcuid scoláirí. Cuireadh clabhsúr leis an tráthnóna le roinnt comhairle chríonna ón bpainéal maidir le cur i bhfeidhm na sonraíochta. Is féidir teacht ag aon am ar thaifeadtaí an dá sheimineár ar an suíomh gréasáin [anseo](#).



Measúnuithe Rangbhunaithe

Caithfidh múinteoirí na treoirínthe measúnaithe a léamh agus sinn ag dul de chleachtais nua mheasúnaithe i Matamaitic na Sraithe Sóisearaí. Tá tuilleadh tacaí don dá MRB forbartha ag an bhFoireann Mhatamaitice. Gheofar doiciméad ar Cheisteanna Coitianta ar an suíomh gréasáin s’againn agus moltar do mhúinteoirí breathnú ar an doiciméad seo má bhíonn ceist ar bith acu. Tá na mataí boird ar na Gnéithe Cáilíochta don dá MRB ar fáil anseo. Ina theannta sin, tá acmhainn idirghníomhach ann ar Threoirínthe Matamaitice na Sraithe Sóisearaí do na Measúnaithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe agus moltar do mhúinteoirí breathnú uirthi sin mar roinn ábhair.



Cinntigh go bhfuil do shonraí do FGL na bliana cláraithe ag do phríomhoide

ETI(E)M (STE(A)M)


Ba mhór ag Foireann Matamaitice SSM a bheith rannpháirteach i gclár FGL roghnach ETI(E)M an SSM arís i mbliana. Bhí na ceardlanna ar siúl in Atlantaquaria na Gaillimhe, Páirc Tayto, Ionad Oideachais Loch Garman, Ionad Oideachais Átha Luain, Zú Bhaile Átha Cliath agus Ionad Mara Beo an Daingin. Ag na himeachtaí FGL roghnacha seo, d'fhiosraigh na múinteoirí conas is féidir leis an bpróiseas mionsamhaltú matamaitice meon imscrúdaithe ár gcuid scoláirí a chothú agus conas is féidir le mionsamhaltú matamaitice a bheith mar bhonn agus mar thaca faoi fhreagraí idirdhisciplíneacha ar dhúshláin sa tsochaí. Leanfaidh muid leis an rannpháirtíocht sna hócáidí ETI(E)M a bheidh ann i rith na bliana acadúla seo romhainn. Coinnígí síúl ar na himeachtaí ETI(E)M in 2019-2020 agus bígí ár leanúint ar Twitter @JCTSteAm



Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

I rith Mheán agus Deireadh Fómhair, bhí corradh le dhá mhíle múinteoir rannpháirteach in FGL sa dara hábhar. Thóg siad am chun machnamh a dhéanamh ar leasú na Sraithe Sóisearaí agus na prionsabail taobh thiar de, chuaigh siad níos mó i dtaithí ar shonraíocht na Matamaitice agus d'fhiosraigh siad cuir chuige oideolaíocha a chabhraíonn le cur i bhfeidhm na sonraíochta.

I mí na Samhna, cuireadh tús le cnuaslaethanta FGL agus le leathadh amach náisiúnta an dara lá FGL sainiúil don ábhar do mhúinteoirí Matamaitice. Fiosraíodh an úsáid a bhaintear as ceistiúchán éifeachtach i seomraí ranga na matamaitice agus pléadh straitéisí amhail ceisteanna oscailte a úsáid i gcomhthéacs foghlaim níos doimhne na scoláirí. Is bunriachtanas do scoláirí agus do mhúinteoirí meon imscrúdaithe a fhorbairt agus tacar scileanna matamaiticiúla a bheith acu mar ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe sa dara bliain. Fiosraíodh eispéiris foghlama agus tacar nasc-uirlisí ar an lá. Breathnaíodh ar phleanáil trí choincheapa i seisiún na hiarnóna.



Buailfidimid le múinteoirí arís in FGL an dara hábhar i Meán Fómhair agus i nDeireadh Fómhair agus táimid ag síúl go mór an tríú lá FGL sainiúil don ábhar a éascú ó mhí na Samhna. Beidh i gcónaí roinnt deiseanna do FGL roghnach i rith na bliana acadúla seo chugainn. Lean sinn ar Twitter @JCforTeachers nó go díreach ar leasainm na Foirne Matamaitice @JctMaths. 🐦

Beirigí bua,

Foireann Mhatamitice SSM